Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Márta 2021
(OR. en)

7097/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0224 (COD)**

**VOTE 15**
**INF 60**
**PUBLIC 18**
**CODEC 382**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 16 Márta 2021<br>= Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

7064/20
+ ADD 1
+ ADD 1 COR 1

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 1, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,

10.03.2021

Na ráitis agus na dearbhuithe agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

# IARSCRÍBHINN I

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0224 (COD)** (Document: **7064/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL establishing Horizon Europe – the Framework Programme for Research and Innovation, laying down its rules for participation and dissemination, and repealing Regulations (EU) No 1290/2013 and (EU) No 1291/2013 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **16/03/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,58 | Yes | **LIETUVA** | 0,62 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,55 | Yes | **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,35 | Yes | **MAGYARORSZÁG** | 2,18 | Yes |
| **DANMARK** | 1,30 | Yes | **MALTA** | 0,11 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 18,54 | Yes | **NEDERLAND** | 3,91 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes | **ÖSTERREICH** | 1,98 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 1,11 | Yes | **POLSKA** | 8,47 | Yes |
| **ΕΛΛΆΔΑ** | 2,39 | Yes | **PORTUGAL** | 2,30 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,56 | Yes | **ROMÂNIA** | 4,31 | Yes |
| **FRANCE** | 14,97 | Yes | **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,91 | Yes | **SLOVENSKO** | 1,22 | Yes |
| **ITALIA** | 13,58 | Yes | **SUOMI/FINLAND** | 1,23 | Yes |
| **ΚΎΠΡΟΣ** | 0,20 | Yes | **SVERIGE** | 2,30 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN II**

**Ráiteas ón gComhairle**

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rannpháirtíocht is mó na Comhairle a áirithiú, le linn na caibidlíochta maidir le comhaontuithe lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir an Aontais, lena n-áirítear Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, Fís Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Chuige sin, féadfaidh an Chomhairle coiste speisialta a ainmniú lena rachfar i gcomhairle agus an chaibidlíocht ar bun, lena n-áirítear maidir le ceapadh agus ábhar na gcomhaontuithe comhlachais, i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE.

I ndáil leis sin, meabhraítear don Chomhairle prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais, a leagtar síos in Airteagal 13(2) CAE, an dara habairt, agus i gcásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 218(4) CFAE, ar dá réir nach mór don Choimisiún an fhaisnéis agus na doiciméid uile is gá a sholáthar don choiste speisialta chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na caibidlíochta, amhail, go háirithe, na haidhmeanna ginearálta a fógraíodh agus na seasaimh a ghlac na páirtithe eile le linn na caibidlíochta, in am trátha, roimh na cruinnithe caibidlíochta, chun comhairle a thabhairt agus chun tuairimí a cheapadh i dtaca leis an gcaibidlíocht[1].

I gcás ina bhfuil comhaontuithe ann cheana lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir de chuid an Aontais agus ina bhfuil buanúdarú don Choimisiún chun na téarmaí agus na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le gach tír a chinneadh a bhaineann lena rannpháirtíocht in aon chlár ar leith, agus, i gcás ina gcuidíonn coiste speisialta leis an gCoimisiún sa chúram sin, meabhraítear don Chomhairle nach mór don Choimisiún gníomhú i gcomhairle leis an gcoiste speisialta sin go córasach le linn an phróisis caibidlíochta, mar shampla trí dhréacht-téacsanna a chomhroinnt roimh na cruinnithe leis na tríú tíortha ábhartha, agus trí fhaisnéis agus cuntais rialta a chur ar fáil.

I gcás ina bhfuil comhaontuithe ann cheana lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir de chuid an Aontais ach nach bhforáiltear do choiste speisialta iontu, measann an Chomhairle gur cheart don Choimisiún dul i mbun plé ar an gcaoi chéanna leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach córasach le linn an phróisis caibidlíochta agus na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le comhlachas le Fís Eorpach á gcinneadh.

---

**1** Féach breithiúnas an 16 Iúil 2015, in *Commission v. Council,* [An Coimisiún v An Chomhairle], C-425/13, AE:C:2015:483, mír 66.

**Ráiteas ón gComhairle maidir le hAirteagal 5**

Meabhraítear don Chomhairle go n-eascraíonn sé ó Airteagal 179(3) agus Airteagal 182(1) CFAE, arna léamh i dteannta a chéile, nach féidir leis an Aontas ach Clár Réime ilbhliantúil amháin a ghlacadh lena leagtar amach gníomhaíochtaí uile an Aontais maidir le taighde agus forbairt theicneolaíoch. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle den tuairim gur clár sonrach é an Ciste Eorpach Cosanta a luaitear in Airteagal 1(2)(c) den Rialachán lena mbunaítear Clár Réime um Thaighde an Aontais – Fís Eorpach, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche an Chiste seo, lena gcuirtear chun feidhme an Clár Réime de réir bhrí Airteagal 182(3) CFAE agus go dtagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin lena mbunaítear an Clár Réime sin.

**Ráiteas polaitiúil comhpháirteach maidir le cistí arna saoradh in Fís Eorpach a athúsáid**

Leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le cistí arna saoradh a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde[2], chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil arís chun tairbhe an chláir taighde, leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don mhéid suas go EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) sa tréimhse 2021-2027 de shaoradh, a eascraíonn as neamh-chur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal a bhaineann leis an gclár réime 'Fís Eorpach' nó leis an gclár 'Fís 2020', a tháinig roimhe, de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais. Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh agus do chumhachtaí an Choimisiúin an buiséad a chur chun feidhme, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go mbeidh dáileadh táscach an mhéid sin mar seo a leanas:

– EUR 300 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás', go háirithe do thaighde candamach;

– EUR 100 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'; agus

– EUR 100 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach'.

[2] IO C 444I, 22.12.2020, lch. 3–3

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAithris 47**

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buiséad Luasaire CNE a chur chun feidhme ar bhealach a áiritheoidh go mbeidh an tacaíocht ar bhonn deontais, agus air sin amháin, do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, ag freagairt don tacaíocht a thabharfar faoi bhuiséad ionstraim FBManna Chlár Fís 2020, i gcomhréir leis na téarmaí a bhunaítear in Airteagal 48, mír 1 agus aithris 47 den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 6**

Arna iarraidh sin air, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a thuairimí a mhalartú leis an gCoiste atá freagrach i bParlaimint na hEorpa maidir le: (i) liosta iarrthóirí na gcomhpháirtíochtaí féideartha atá bunaithe ar Airteagal 185 agus 187 CFAE a chumhdófar le measúnuithe ar thionchair (tionscanta); (ii) liosta na misean sealadach arna sainaithint ag na boird Mhisin; (iii) torthaí an Phlean Straitéisigh sula ndéantar é a ghlacadh go foirmiúil, agus (iv) déanfaidh sé doiciméid a bhaineann le cláir oibre a chur i láthair agus a chomhroinnt.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le heitic/taighde ar ghaschealla – Airt 19**

Maidir le Clár Réime Fís Eorpach, tá sé i gceist ag an gCoimisiún leanúint ar aghaidh leis an gcreat eitice céanna agus a bhí ann faoi Chlár Réime Fís 2020 agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le cistiú an Aontais le haghaidh taighde ar ghaschealla suthacha daonna.

Molann an Coimisiún Eorpach leanúint leis an gcreat eitice seo, mar gur bunaíodh cur chuige freagrach, taithí-bhunaithe, le haghaidh réimse eolaíochta lena mbaineann go leor deiseanna cur chuige ar léiríodh cheana i dtaca leis go n-oibríonn sé go sásúil i gcomhthéacs cláir thaighde ina bhfuil taighdeoirí ó go leor tíortha a bhfuil staideanna rialála éagsúla acu ag glacadh páirte.

1. Faoin gcinneadh maidir le Clár Réime Fís Eorpach eisiatar trí réimse taighde go sainráite ó chistiú an Aontais:

– gníomhaíochtaí taighde a bhfuil sé mar aidhm acu daoine a chlónáil chun críocha atáirgthe;

– gníomhaíochtaí taighde a cheapfar chun oidhreacht ghéiniteach daoine a athrú ar bhealach go bhféadfadh na hathruithe sin bheith inoidhreachta;

— gníomhaíochtaí taighde a cheapfar chun suthanna daonna a chruthú leo ar mhaithe le taighde amháin nó d'fhonn gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí aistriú núicléas cille sómaí.

2. Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht atá toirmiscthe sna Ballstáit ar fad a chistiú. Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht a chistiú i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe. Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht a chistiú i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe.

3. Ní breithiúnas fiúntais ar bhealach ar bith ar chreat rialála nó ar an gcreat eiticiúil lena rialaítear taighde den chineál seo i mBallstáit atá i gceist leis an gcinneadh faoi Fhís Eorpach agus na forálacha maidir le creat eiticiúil lena rialaítear cistiú an Aontais i dtaca le taighde ar ghaschealla suthacha daonna.

4. Agus tograí á ngairm aige, ní shireann an Coimisiún Eorpach úsáid gascheall suthach daonna go sainráite. Tá úsáid gascheall daonna, cibé acu gaschealla sómacha nó gaschealla suthacha iad, más ann dóibh, ag brath ar bhreithiúnas na n-eolaithe i bhfianaise na gcuspóirí atá siad ag iarraidh a bhaint amach. Go praiticiúil, tá an chuid is mó go mór de chistí an Aontais le haghaidh taighde ar ghaschealla dírithe ar úsáid gascheall sómach. Níl aon chúis ann go dtiocfadh athrú suntasach air seo in Fís Eorpach.

5. Maidir le gach tionscadal ina bhfuil sé ceaptha gaschealla suthacha daonna a úsáid, ní mór toradh fabhrach a bheith faighte aige i gcéim an mheasúnaithe eolaíochta ina dhéanfaidh saineolaithe eolaíochta neamhspleácha measúnú ar an ngá atá le gaschealla den chineál sin a úsáid d'fhonn na cuspóirí eolaíochta a bhaint amach.

6. Tograí a mbíonn toradh fabhrach faighte acu i gcéim an mheasúnaithe eolaíochta, cuirtear faoi dhian-athbhreithniú eiticiúil eagraithe ag an gCoimisiún Eorpach iad ina dhiaidh sin. San athbhreithniú eiticiúil seo, tugtar aird ar na prionsabail a léirítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha amhail Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Duine agus leis an mBithleigheas a síníodh in Oviedo an 4 Aibreán 1997 agus na prótacail bhreise a ghabhann leis agus leis an nDearbhú Uilechoiteann maidir leis an nGéanóm Daonna agus le Cearta an Duine arna nglacadh ag UNESCO. Tá san athbhreithniú eiticiúil chomh maith seiceáil go n-urramaítear leis na tograí rialacha na dtíortha ina ndéanfar an taighde.

7. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí seiceáil eiticiúil a chur ar bun le linn shaolré an togra.

8. Maidir le gach togra arb é is aidhm dó gaschealla suthacha daonna a úsáid, ní mór formheas a fháil ón gcoiste eiticiúil áitiúil nó náisiúnta ábhartha sula gcuirfear tús leis an gníomhaíochtaí ábhartha. Ní mór na rialacha agus na nósanna imeachta go léir a urramú, lena n-áirítear na rialacha a bhaineann le saincheisteanna amhail toiliú na dtuismitheoirí, gan mealladh airgeadais a bheith ann *etc.* Déanfar seiceáil cibé an ndéantar tagairt sa togra do bhearta ceadúnaithe agus rialaithe a bheidh le déanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéanfar an taighde.

9. Togra a mbíonn toradh fabhrach faighte aige i gcéim an mheasúnaithe eolaíochta, sna hathbhreithnithe eiticiúla náisiúnta nó áitiúla agus san athbhreithniú eiticiúil Eorpach, cuirfear faoi bhráid na mBallstát é, ag teacht le chéile dóibh i bhfoirm coiste a ghníomhaíonn i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin, lena fhormheas, de réir an cháis. Ní dhéanfar cistiú ar aon togra a bhaineann úsáid as gaschealla suthacha daonna nach bhfaigheann formheas ó na Ballstáit.

10. Leanfaidh an Coimisiún Eorpach lena chuid oibre maidir leis na torthaí a fhaightear ó thaighde cistithe ar ghaschealla ag an Aontas a chur ar fáil ar bhonn leathan do gach taighdeoir, ar mhaithe le gach othar i ngach tír.

11. Tacóidh an Coimisiún Eorpach le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a chuidíonn le taighde ar ghaschealla suthacha daonna a chomhordú agus a chuíchóiriú laistigh de chur chuige eiticiúil freagrach. Leanfaidh an Coimisiún, go háirithe, de tacaíocht a thabhairt do Chlárlann Eorpach le haghaidh línte gaschealla suthacha daonna. Ach tacaíocht a thabhairt do chlárlann den chineál sin féadfar faireachán a dhéanamh ar ghaschealla suthacha daonna atá ann cheana san Eoraip, cuirfear le húsáid na gceall sin ag eolaithe agus d'fhéadfaí cabhrú le díorthuithe neamhriachtanacha línte nua gascheall a sheachaint.

12. Leanfaidh an Coimisiún den chleachtas reatha agus ní chuirfidh sé tograí le haghaidh tionscadail, a bhfuil gníomhaíochtaí taighde ina ndéanfar suthanna daonna a scriosadh, lena n-áirítear d'fhonn gaschealla a sholáthar, mar chuid díobh, a chur faoi bhráid an choiste ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin. Ní chuirfidh an t eisiamh cistithe ar an gcéim seo den taighde cosc ar chistiú an Aontais le haghaidh céimeanna eile a bhaineann le gaschealla suthacha daonna amach anseo.

**Ráiteas ón bhFrainc**

Is díol sásaimh don Fhrainc a uaillmhéine atá clár nua um thaighde agus nuálaíocht an Aontais, Fís Eorpach, agus tacaíonn sí le glacadh an Rialacháin lena mbunaítear an clár.

Bíodh sin mar atá, athdhearbhaímid ár gcúis imní i ndáil leis an tagairt, in aithris 6, do 'phrionsabal na nuálaíochta'.Elle rappelle néanmoins sa réserve quant à la mention, au considérant 6, d'un "principe d'nuálaíocht".

Cé go n-aithnímid gur gá iarmhairtí dhlí an Aontais ar an nuálaíocht a mheasúnú, i gcomhréir leis an mbosca uirlisí um rialáil níos fearr, cuirimid i dtábhacht nach ann d'aon sainmhíniú dlíthiúil ar 'phrionsabal na nuálaíochta' murab ionann agus 'prionsabal an réamhchúraim' a aithnítear sna Conarthaí (Airteagal 191 (2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) agus sa chásdlí ábhartha (féach, go háirithe, an breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Mór-Dhlísheomra) an 9 Márta 2010 i gCásanna C-379/08 agus C-380/08, ERG, agus an breithiúnas ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 1 Deireadh Fómhair 2019 i gCás C-616/17, Blaise agus Eile).

**Ráiteas ón bPolainn**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tuigeann an Pholainn an fhoclaíocht "inscne" mar thagairt do "gnéas" i gcomhréir le hAirteagail 8, 10, Airteagal 19 (1) agus Airteagal 157 (2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Ráiteas ón tSualainn**

Ní mór don chlár réime a bheith chomh hoscailte agus is féidir. Tabharfar na modhanna do na taighdeoirí is fearr chun freagraí ar cheisteanna taighde a aimsiú agus chun dúshláin shochaíocha a réiteach. Ní mór d'eintitis dhlítheanacha laistigh den Aontas a bheith in ann rannchuidiú le nuálaíochtaí chun leas, poist agus slándáil a chruthú do shaoránaigh Eorpacha.

Ní mór d'eisiamh ó rannpháirtíocht i gclár réime na n-eintitis dlítheanach Eorpach a bhfuil úinéireacht lasmuigh den Aontas acu a bheith teoranta go docht do chásanna eisceachtúla agus teoranta do réimsí atá thar a bheith íogair ó thaobh na slándála de. Sna cásanna sin, ní mór feidhm a bheith ag coinníollacha soiléire agus critéir shoiléire. Sa chomhthéacs sin, ní mór inniúlachtaí na mBallstát a urramú. Ní théann eisiamh na n-eintiteas dlítheanach Eorpach a bhfuil úinéireacht acu i dtíortha comhpháirtíochta straitéiseacha chun tairbhe do thaighde agus forbairt Eorpach, ná do shlándáil agus iomaíochas an Aontais.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 5**

Tugann an Coimisiún dá aire an comhréiteach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir le foclaíocht Airteagal 5. Is é an tuiscint atá ag an gCoimisiún maidir leis an gclár sonrach taighde um chosaint a luaitear in Airteagal 1 mír 2 pointe c) go bhfuil an clár sin teoranta do na gníomhaíochtaí taighde faoin gCiste Eorpach Cosanta a bheidh ann amach anseo, agus do na gníomhaíochtaí taighde sin amháin, agus go meastar go bhfuil na gníomhaíochtaí forbartha lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le cearta an duine in Airt. 16.1.d**

Géilleann an Coimisiún don urraim do chearta an duine a leagtar síos in Airteagal 21 CAE agus sa dara fomhír ann "Féachfaidh an tAontas le caidrimh a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó domhanda a pháirtíonn na prionsabail chéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír." Mar sin féin, is cúis aiféala don Choimisiún gur cuireadh "urraim do chearta an duine" sa tacar critéar a bheidh le comhlíonadh ag tríú tíortha ionas go mbeidh siad incháilithe le haghaidh comhlachas sa Chlár faoi Airteagal 16 mír 1 pointe d)(1) d. Níor measadh maidir le haon chlár eile de chuid an Aontais i ndáil leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo gur ghá tagairt chomh sainráite sin a chur isteach cé nach bhfuil amhras ar bith ann go bhfuil an tAontas ag féachaint le cur chuige comhsheasmhach a shaothrú ina chaidreamh seachtrach le tríú tíortha a mhéid a bhaineann le cearta an duine a chosaint ina ionstraimí agus a réimsí beartais uile, agus lenar cheart treoir a thabhairt don Choimisiún maidir leis an bhforáil sin a chur chun feidhme.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Comhar Idirnáisiúnta**

Tugann an Coimisiún dá aire dearbhú aontaobhach na Comhairle, a ndéanfaidh sé breithniú cuí air, i gcomhsheasmhacht leis an gConradh, le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais agus le prionsabal na cothromaíochta institiúidí, nuair a rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoiste speisialta faoi Airteagal 218(4) CFAE.